*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Pablo Baulies Gómez (Rocafort, an Spáinn)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Iarratasóir an trádmhairc faoi cheist:* Iarratasóir

*Trádmharc atá faoi cheist:* Clárú idirnáisiúnta lena n-ainmnítear an tAontas Eorpach i ndáil leis an marc fíortha “UNITED WIND LOGISTICS” i ndath gorm agus dubh – Clárú idirnáisiúnta lena n-ainmnítear an tAontas Eorpach Uimh. 1 531 891

*Nós imeachta os comhair EUIPO*: Imeachtaí freasúra

*Cinneadh atá faoi chonspóid:* Cinneadh ón gcéad Bhord Achomhairc de EUIPO an 17 Lúnasa 2022 i gCás R 134/2022-1

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— an cinneadh atá faoi chonspóid a leasú, chun a chinneadh go bhfuil bunús leis an achomharc, cinneadh Uimh. B3 131 303 ón Rannán Freasúra an 30 Samhain 2021 a chur ar neamhní agus diúltú don chur i gcoinne ainmniú an Aontais Eorpaigh i gclárú idirnáisiúnta Uimh. 1 531 891;

— a ordú do EUIPO na costais a íoc.

**Saincheist dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 21 Deireadh Fómhair 2022 – Iccrea Banca v an Coimisiún agus BRA**

**(Cásanna Uamtha T-386/18 agus T-400/19)** [1]

(2022/C 472/59)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

D’ordaigh Uachtarán an Deichiú Dlísheomra Méadaithe na cásanna a bhaint ón gclár.

[1] IO C 294, 20.8.2018.

---

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 20 Deireadh Fómhair 2022 – Cecoforma agus Sopexa v an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde (REA)**

**(Cás T-493/22)** [1]

(2022/C 472/60)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

D’ordaigh Uachtarán an Chéad Dlísheomra an cás a bhaint ón gclár.

[1] IO C 380, 3.10.2022.